



An tÚdarás Rialála Limistéir Mhuirí
Maritime Area Regulatory Authority

Leabhar Eolais d'Iarrthóirí

Ceannasaí Ceadúnúcháin (Príomhoifigeach Cúnta)

Is é Osborne Recruitment a reáchtálfar an comórtas seo thar ceann Údarás Rialála Limistéir Mhuirí (ÚRLM) faoi cheadúnas ón gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí i gcomhréir leis an gCód Cleachtais maidir le Ceapacháin ar Phoist sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí

Clár Ábhar

Maidir le ÚRLM	4
Bunchuspóir, Fís agus Luachanna ÚRLM	4
An Comhthéacs Eagraíochtúil	4
Cuspóirí Straitéiseacha 2024 - 2027	5
Príomhdhualgais agus Príomhfhreagrachtaí	6
Bunriachtanais Iontrála	7
Scileanna agus Cumais.....	8
Cumais.....	8
Fostóir a thugann Rogha:.....	9
Conas Iarratas a Dhéanamh	10
Dáta Deiridh:.....	10
Próiseas Roghnúcháin	10
Agallamh:	11
Cothroime:.....	11
Freastal Réasúnta.....	11
Imréiteach Slándála:.....	11
Painéal:.....	11
Seiceálacha Ábhartha:	11
Príomhchoinníollacha Seirbhíse	12
Tuarastal.....	Error! Bookmark not defined.
Socruithe Íocaíochta.....	13
Láthair	14
Uaireanta Tinrimh	14
Saoire Bhliantúil.....	14
An tAcht um Eagrú Ama Oibre 1997 (arna leasú)	14
Sláinte:	14
Sochair Fostaithe.....	14
Faisnéis Ghinearálta.....	17
Aguisín A – Creat Cumais – Grád an Phríomhoifigigh Chúnta.....	24

An Ról:


Teideal an Phoist:	Ceannasaí Ceadúnúcháin
Grád:	Príomhoifigeach Cúnta
Tréimhse an Róil:	Buan (faoi réir chríochnú rathúil na tréimhse promhaidh)
Údarás Fostaíochta:	An tÚdarás Rialála Limistéir Mhuirí (ÚRLM)
Suíomh:	Teach Menapia, Páirc Ghnó Dhraighní, Co. Loch Garman, Y35 RF29
Saoire Bhliantúil:	30 lá sa bhliain
Obair Chumaisc:	Beidh ar an iarrthóir a n-éireoidh leis/léi freastal ar an oifig 2 lá sa tseachtain ar a laghad agus is féidir leis/léi leas a bhaint as cianobair suas le 3 lá sa tseachtain, faoi réir riachtanais ghnó agus bheartas ÚRLM maidir le hobair chumaisc.
Dáta Deiridh:	1.00 i.n. Dé Luain, an 9ú Márta 2026
Tuarastal Tosaigh:	Scála Tuarastail an Phríomhoide Chúnta
Uaireanta Oibre:	35 uair an chloig (GLANUAIREANTA oibre in aghaidh na seachtaine)
Painéal:	Cuirfear iarrthóirí a n-éireoidh leo ar phainéal óna ndéanfar ceapacháin. Tairgfear folúntais d'iarrthóirí bunaithe ar an ord fiúntais ón bpróiseas agallaimh. Aon phainéal a bhunófar mar chuid den fheachtas seo, rachaidh sé in éag 18 mí óna bhunú.

Maidir le ÚRLM

Is comhlacht neamhspleách nua é ÚRLM atá freagrach as bainistíocht inbhuanaithe a dhéanamh ar limistéar muirí éagsúil agus uathúil na hÉireann, rud a tharla de bharr achtú an Achta um Pleanáil Limistéir Mhuirí 2021 (Acht PLM). Bunaithe i mí Iúil 2023 mar chuid den athchóiriú is mó ar rialachas muirí in Éirinn le beagnach céad bliain, beidh ÚRLM rithábachtach chun ár gcóras rialachais mhuirí a athrú ó bhonn.

Tá an córas agus na struchtúir atá leagtha amach san Acht PLM ina bpríomhchumasóirí dlíthiúla forbartha agus cosanta an chomhshaoil agus na hoidhreachtacha cultúrtha sa limistéar muirí do na glúine atá le teacht, lena n-áirítear an leathnú atá beartaithe ar an earnáil fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta a theastaíonn chun spriocanna aeráide 2030 na hÉireann a bhaint amach ar bhealach comhtháite agus inbhuanaithe.

Bunchuspóir, Fís agus Luachanna ÚRLM



An Comhthéacs Eagraíochtúil

Is gníomhaireacht neamhspleách í ÚRLM, a bunaíodh leis an Acht um Pleanáil Limistéir Mhuirí 2021 agus atá anois faoi choimirce na Roinne Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil. Tá 11 chomhalta arna gceapadh ag an Aire ar bord ÚRLM.

Faoi stiúir Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, tá feidhmeannach ÚRLM freagrach as na feidhmeanna laethúla seo a leanas a chur i gcrích:

- Iarratais ar thoilithe limistéir mhuirí (TLManna) don limistéar muirí a phróiseáil;
- Iarratas ar cheadúnais úsáide muirí a phróiseáil le haghaidh gníomhaíochtaí sonraithe sceidealaithe;
- Comhlíonadh agus forfheidhmiú TLManna, ceadúnas, údaruithe urthrá agus toilithe forbartha amach ón gcósta;
- An phunann toilithe Urthrá ag an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachtacha atá ar marthain a riar; agus
- Comhoibriú idir rialtóirí an limistéir mhuirí a chothú agus a chur chun cinn.

Ag obair i gcomhar lena compháirtithe go léir, tacóidh ÚRLM le colúin chóras pleanála mara na hÉireann trí:

- A saineolas, eolas agus scileanna a thabhairt chun cinn chun pleanáil a fheabhsú sa réimse muirí;
- Córas toilithe trédhearcach a fheidhmíonn go maith a fhorbairt, i gcomhréir le prionsabail na pleanála ceart spáis muirí, le haghaidh gach úsáideoir agus gníomhaíochtaí muirí; agus
- Clár dian, ach comhréireach, a chur i bhfeidhm maidir le comhlíonadh agus monatóireacht chun úsáid inbhuanaithe ár limistéir mhuirí a chinntiú agus chun dúshlán a thabhairt d'fhorbairt neamhúdaraíthe agus neamhchomhlíonadh cead pleanála muirí.

Cuspóirí Straitéiseacha 2024 - 2027

Tá an chéad Ráiteas Straitéise ina bhfuil na cuspóirí Straitéiseacha seo a leanas do 2024 -2027 curtha i gcrích ag ÚRLM:

STRATEGIC PRIORITY	Establish solid foundations for delivery - this includes building an infrastructure to assess applications, issue timely robust decisions and deliver effective governance.	Build capacity and knowledge - this includes growing our team, building capacity within the organisation, enhancing our knowledge, insight and innovation, and embedding our structures.	Regulate effectively and impartially - this includes managing authorisations, monitoring compliance with legislation and driving regulation through risk-based compliance and enforcement.	Drive cooperation and empower action - this includes being a leading voice for the protection of Ireland's maritime are proactively informing policy, legislation, and better choices for the environment to overcome sea blindness and foster ocean literacy.
INDICATOR OF SUCCESS	MARA is a well-governed regulator, operating a streamlined maritime authorisations process that builds trust and confidence, and can withstand scrutiny.	MARA is appropriately resourced with the necessary capabilities, knowledge and skills to fulfill out responsibilities with the capacity necessary to work innovatively and promote personal development.	MARA is trusted and respected for our transparent and fair decision-making and its risk based compliance and enforcement regime, which in turn supports a culture of compliance in the communities that we serve.	MARA is a recognised thought leader in the maritime area, whose evidence is relied upon in the development of maritime policy and legislation, and whose insights inform the identification of future developments in the maritime are requiring regulation.

Bainfidh ÚRLM é seo amach trí shaineolas a fhorbairt i bpearsanra, próisis agus teicneolaíocht na heagraíochta. Mar chaomhnóirí an limistéir mhuirí, cinnteoidh ÚRLM, trí bhainistíocht mhaith agus cinnteoireacht thrédhearcach a dhéanamh, go mbainfidh an leas is fearr is féidir as ár n-acmhainn mhuirí thar ceann gach saoránach.

Chun uaillmhian na heagraíochta a bhaint amach, d'earcaigh ÚRLM daoine spreagtha, dinimiciúla agus díograiseacha le dul isteach ar an bhfoireann agus leanann siad ar aghaidh ag lorg daoine. Is deis iontach é seo chun dul isteach i ngníomhaireacht nua ag céimeanna tosaigh a aistear agus a bheith ar thús cadhnaíochta i mbainistíú acmhainn mhuirí fhairsing na hÉireann.

An Ról

Beidh an duine seo ina b(h)all lárnach de Stiúrthóireacht Chomhairleach um Cheadúnú agus Pleanáil Úsáide Mhuirí ÚRLM. Beidh an t-iarrthóir a n-éireoidh leis/léi i gceannas ar aonad reatha Ceadúnaithe um Úsáid Mhuirí (MUL) de chuid ÚRLM agus déanfaidh sé/sí maoirseacht air, rud a chinnteoidh go bpróiseálfar gach iarratas go tráthúil de réir cheanglais reachtúla reatha an Achta um Pleanáil Limistéir Mhuirí 2021 arna leasú (“ An MAPA ”), agus aon athruithe reachtacha príomhúla agus tánaisteacha amach anseo. Bunóidh agus coinneoidh an ról próisis, bainisteoidh sé rannpháirtíocht/caidrimh le páirtithe leasmhara, spreagfaidh sé feabhas leanúnach, agus tabharfaidh sé léargas straitéiseach ar iarratais agus ar chinntí MUL.

Is cuid lárnach de chóras náisiúnta na hÉireann chun an limistéar muirí a riar é Riar na gCeadúnas Úsáide Mhuirí. Teastaíonn Ceadúnais Úsáide Mhuirí le haghaidh réimse gníomhaíochtaí mar atá leagtha amach i Sceideal 7 den MAPA, agus dá bhrí sin beidh sealbhóir an ról seo mar phríomh-chomhéadan le réimse tionscal agus earnálacha muirí. Beidh gá le tuiscint ar na saincheisteanna agus ar na téarmaíochtaí a bhaineann le ceadúnú, le dlí comhshaoil, agus leis an timpeallacht mhuirí, nó le cumas an t-eolas seo a fháil go tapa, chun feidhmiú go rathúil sa ról seo.

Príomhdhualgais agus Príomhfhreagrachtaí

Ceannaireacht/Bainistíocht

- Cur leis an bhfoireann ceannaireachta in ÚRLM, le freagracht as cuspóirí gnó ÚRLM a chur i bhfeidhm trí rannchuidiú le pleanáil fhoriomlán, treo agus bainistíocht ardleibhéil na heagraíochta.
- Bainistíocht a dhéanamh ar an bhfoireann riaracháin a shanntar laistigh den aonad MUL, ag cinntiú go mbaintear amach gach sprioc, go ndéantar bainistiú ar chúrsaí saoire, agus go n-aithnítear deiseanna oiliúna chun tacú le foireann ardfheidhmíochta.
- Oibriú go dlúth le Comhairleoirí Muirí Sinsearach a ábhartha, ag cinntiú go leithdháiltear gach iarratas ar cheadúnas i gceart ar na baill foirne eolaíoch agus teicniúla ábhartha le haghaidh measúnaithe agus próiseála gan mhoill, trí phleanáil éifeachtach oibre chun an úsáid foirne is fearr agus cothromú ualach oibre a chinntiú.
- De réir mar is gá, straitéisí agus córais maidir le tosaíocht ceadúnais agus sceideal oibre a cheapadh agus a choinneáil ar bun chun a chinntiú go ndéantar obair ar bhealach éifeachtach agus éifeachtúil.
- Deiseanna meantóireachta agus forbartha gairmiúla a sholáthar don fhoireann.
- Cumarsáid foirne, rannáin agus eagraíochta éifeachtach agus tráthúil a chur chun cinn agus a spreagadh.
- Bainistíocht a dhéanamh ar an mbuiséad a leithdháiltear ar an aonad, de réir dea-chleachtais airgeadais.
- Fo-chonraitheoirí a bhainistiú agus soláthar tráthúil acmhainní seachtracha a chinntiú.
- Timpeallacht mhaith oibre a chruthú agus a choinneáil sa Stiúrthóireacht agus ar fud na heagraíochta, de réir Luachanna an Údaráis Rialála Limistéir Mhuirí.
- A bheith feasach ar chúrsaí sláinte agus sábháilteachta san ionad oibre agus go háirithe, cloí le hoibleagáidí na bhfostaithe mar atá leagtha amach san Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, ag féachaint do chineál muirí agus cósta shainchúram ÚRLM, agus a chinntiú go gcuirtear an nós imeachta mar atá leagtha amach sa Ráiteas Sábháilteachta i bhfeidhm i gcónaí.
- Nuair is gá, tacú leis an bhfoireann Chomhairleach Pleanála agus le stiúrthóireachtaí eile in ÚRLM.
- Cuidiú le cibé dualgais agus freagrachtaí eile a shannann an Stiúrthóir Chomhairleach um Cheadúnú agus Pleanáil Úsáide Mhuirí agus daoine eile ó am go ham.

Forbairt agus Feabhsú Próisis:

- Forbairt próisis inmheánacha a threorú maidir le feidhmeanna Ceadúnúcháin nua agus cur le cur chun feidhme beartais ábhartha agus na reachtaíochta tánaistí riachtanaí.
- Próiseas a threorú chun catagóirí iomchuí iarratas MUL a shainaithint agus a bhunú. Cuimseoidh sé seo meicníocht triáise iarratais agus bainistíocht scuaine.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar gach próiseas agus treoir a bhaineann le ceadúnú atá ann cheana ag comhoibriú le Comhairleoirí Mara Sinsearach chun cuíchóiriú a chinntiú ar dhoiciméadú a tháirgtear sa phróiseas measúnaithe ceadúnais.
- Ceannaireacht a thabhairt maidir le huathoibriú an phróisis cheadúnaithe mar chuid de thionscadal digitithe ar fud na heagraíochta a dhíríonn ar phróisis iarratais agus bainistíochta cásanna ar líne.
- Foirm MUL oiriúnaithe a cheapadh a aistreoidh go foirm córasbhunaithe a mhéadóidh éifeachtúlacht ar a seal.
- Foirmeacha teimpléid simplithe a cheapadh agus a chur i bhfeidhm don phróiseas MUL.
- Gach doiciméad próisis agus nós imeachta a nuashonrú agus a choinneáil

Tuairisciú

- Méadrachtaí láidre tuairiscithe a cheapadh do gach MUL.
- Sonraí a chomhordú agus a thiomsú le haghaidh iniúchtaí inmheánacha agus seachtracha, lena n-áirítear cruinneas, comhsheasmhacht agus comhlíonadh na gceanglas iniúchóireachta.
- Cur le clár tuairiscithe corparáideach ÚRLM lena n-áirítear sraith foilseachán corparáideach a sheachadadh – clár oibre, tuarascálacha bliantúla, tuarascálacha ráithiúla, tuarascálacha POF, tuarascálacha rialachais míosúla agus tuarascálacha eile de réir mar is gá.

Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara

- Feidhmiú mar phríomhtheagmhálaí do chomhghleacaithe i Rannán Comhairleach um Cheadúnú agus Pleanáil in ÚRLM maidir le feidhmeanna MUL.
- Tacú le MULanna le rannpháirtíocht páirtithe leasmhara san earnáil mhuirí.
- Teagmháil a dhéanamh le foirne trasghníomhaireachta, le grúpaí sainleasa, le hiarratasóirí agus le páirtithe leasmhara eile, le hoifigigh shinsearach san earnáil phoiblí agus le hionadaithe polaitiúla - go háitiúil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.
- Bearnaí reachtacha agus deiseanna feabhsúcháin a aithint agus cur leis an obair chun beartais ábhartha agus reachtaíocht phríomhúil nó thánaisteach riachtanach a fhorbairt. Comhordú a dhéanamh ar gach gníomhaíocht idirchaidrimh a bhaineann le MUL idir ÚRLM mar Ghníomhaireacht Stáit agus a mháthair-Roinn, ag cothú agus ag coinneáil caidreamh láidir oibre le hionadaithe na Roinne chun tacú le caidreamh oibre dearfach.
- A chinntiú go ndéantar bainistiú agus próiseáil thráthúil ar cheisteanna na Roinne ó ionadaithe poiblí, ón Oireachtas agus ó mháthair-Roinn ÚRLM, ag cinntiú rialú cáilíochta agus taifeadadh freagraí oifigiúla.
- Cumarsáid éifeachtach a dhéanamh maidir leis an bpróiseas ceadúnaithe, i scríbhinn agus ó bhéal chuig Bord ÚRLM, chuig an mbainistíocht shinsearach agus chuig comhghleacaithe.
- Oibriú go dlúth le feidhmeanna eile ÚRLM lena n-áirítear Toiliú Limistéar Mhuirí, sonraí, taighde, monatóireacht, comhlíonadh agus feidhmeanna forfheidhmithe.

Bunriachtanais Iontrála

- Cáilíocht leibhéal 8 ar a laghad ar an CNC, nó a choibhéis, i ndisciplín ábhartha.
- Taithí oibre i ról toilithe, ceadúnúcháin nó rialála ag leibhéal sinsearach cuí (2 bhliain ar a laghad).
- Eolas speisialaithe ar an Réimse Mhuirí.
- Taithí speisialaithe ar an gComhshaol.

Scileanna agus Cumais

- Taithí léirithe maidir le maoirseacht rialála agus forbairt beartais a chur i bhfeidhm.
- In ann oibriú i dtimpeallacht rialála.
- Ardscileanna cumarsáide i scríbhinn agus ó bhéal.
- Fíor-ardscileanna idirphearsanta
- Cumas cruthaithe chun iliomad tionscadal a bhainistiú agus cur leo ag an am céanna, seachadadh faoi spriocdhátaí dochta, agus aschuir ardchaighdeán a áirithiú.
- Scileanna láidre anailíse, an cumas faisnéis a bhainistiú le haghaidh foinsí ildisciplíneacha, breithiúnas fóna agus cinnteoireacht atá bunaithe ar fhianaise.
- Toilteanas agus cumas freagracht a ghlacadh as clár oibre éagsúil a sheachadadh.
- Cumasach ó thaobh pacáistí MS, e.g. Word, Excel, Outlook, PowerPoint, etc. a úsáid
- Cumas oibriú as a stuaim féin.
- Cumas measúnú criticiúil a dhéanamh ar phróisis agus ar nósanna imeachta, feabhsuithe a shainaithint agus athrú a bhainistiú go héifeachtach.
- Taithí bhainistíochta, taithí ar fhoirne a threorú agus a thacú san áireamh.
- Ard-ionracas, breithiúnas fóna, agus tiomantas do luachanna seirbhíse poiblí agus ÚRLM.

Cumais

Ba cheart d'iaratasóirí na tréithe uile atá riachtanach do ról an Phríomhoifigigh Chúnta a bheith acu agus, go háirithe, ní mór dóibh a léiriú, trí thagairt a dhéanamh do shamplaí sonracha óna ngairm bheatha go dtí seo, go bhfuil nó go bhfuil sé de chumas acu na cáilíochtaí, na scileanna agus an t-eolas a ghnóthú atá riachtanach do ról an Oifigigh Cléireachais mar a aithnítear sa chreat inniúlachta (aguisín A).

Incháilitheacht chun dul san Iomaíocht, agus Srianata Áirithe ar Incháilitheacht

Riachtanais Saoránachta

Faoi dháta na tairisceana poist, ní mór d'iarthóirí na critéir seo a leanas a chomhlíonadh:

- A bheith ina saoránach den Limistéar Eorpaigh Eacnamaíoch (LEE). Is iad na tíortha atá sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ná Ballstáit an Aontais Eorpaigh mar aon leis an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua; nó
- saoránach de chuid na Ríochta Aontaithe (RA); nó
- Saoránach de chuid na hEilvéise de bhun an chomhaontaithe idir an AE agus an Eilvéis maidir le saorghluaiseacht daoine; nó Saoránach na hEilvéise de bhun an chomhaontaithe idir an AE agus an Eilvéis maidir le saorghluaiseacht daoine; nó
- Saoránach neamh-LEE a bhfuil cead stampa ¹ nó cead Stampa 5 aige.

Le bheith incháilithe ní mór d'iarthóirí ceann amháin de na critéir shaoránachta thuas a shásamh roimh dháta tairisceana na hoibre.

Comhaontú Comhchoiteann: Íocaíochtaí Iomarcaíochta do Sheirbhísigh Phoiblí

De bhun na litreach dar dáta an 28 Meitheamh 2012 ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chuig Oifigigh Phearsanra, tugadh isteach Comhaontú Comhchoiteann, le héifeacht ón 1 Meitheamh 2012, a comhaontaíodh idir an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus Coiste Seirbhísí Phoiblí Chomhdháil na gCeardchumann (ICTU) maidir le híocaíochtaí iomarcaíochta *ex gratia* le fostaithe sa tseirbhís phoiblí. Tá sé mar choinníoll den Chomhaontú Comhchoiteann nach mbeidh daoine a ghlacann leis an chomhaontú i

¹ Tabhair do d'aire go bhfuil víosa faoi Airteagal 50 CAE, a tháinig in ionad ar Stampa 4EUFAM tar éis Brexit, inghlactha mar choibhéis le Stampa 4.

dteideal fostaíochta arís sa tseirbhís phoiblí ó aon chomhlacht seirbhíse poiblí (mar a shainmhínítear sna hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail, 2009-2011) ar feadh tréimhse 2 bhliain ón am a tháinig deireadh leis an bhfostaíocht. Daoine a bhain leas as an scéim sin agus a bhféadfadh go n-éireodh leo sa chomórtas seo, beidh orthu a chruthú go bhfuil siad incháilithe (is é sin, go bhfuil an tréimhse neamh-incháilitheachta thart).

Scéim Dreasaachtaí Luathscoir (ISER)

Tá sé mar choinníoll den Scéim Dheasaithé Luathscoir (ISER) mar atá leagtha amach i gCiorclán 12/09 na Roinne Airgeadais nach féidir le daoine ar scor faoin Scéim sin, iarratas a dhéanamh ar phost eile san fhostaíocht chéanna nó sa rannán céanna. Mar sin, ní fhéadfaidh a leithéid de phinsiníirí cur isteach ar an bpost seo.

Ciorclán na Roinne Sláinte agus Leanaí (7/2010)

Thug Ciorclán na Roinne Sláinte 7/2000 dar dáta an 1 Samhain 2010 isteach Scéim Spriocdhírthe Luathscoir Dheonach (VER) agus Scéimeanna Iomarcaíochta Deonacha (VRS). Tá sé mar choinníoll den scéim VER nach mbeidh daoine a bhaineann leas an scéim i dteideal a bheith fostaithé arís in earnáil na sláinte poiblí nó sa tSeirbhís Phoiblí i gcoitinne nó i bhforas a fhaigheann maoiniú i bpáirt nó go hiomlán ó airgead poiblí. Tá an cosc céanna ar athfhostaíocht i bhfeidhm faoin VRS ach go maireann an cosc 7 mbliana. Níl duine ar bith a ghlac páirt sna scéimeanna seo i dteideal iarratas a dhéanamh ar an gcomórtas seo. Daoine a bhain leas as an scéim VRS agus a n-éireoidh leo sa chomórtas seo, beidh orthu a gcáilitheacht a chruthú (dul in éag na tréimhse neamh-incháilitheachta).

Ciorclán LG(P) 06/2013 na Roinne Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil:

Chuir an Litir LG(P) 06/2013 ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil Scéim Dheonach Luathscoir i bhfeidhm d'Údarais Áitiúla. De réir théarmaí *an Chomhaontaithe Chomhchoitinn: Íocaíochta iomarcaíochta do Sheirbhísigh Phoiblí* dar dáta an 28 Meitheamh 2012 mar a shonraítear thuas, is coinníoll den Scéim VER sin nach mbeidh fostaithé i dteideal a bheith fostaithé arís i bhforas Seirbhíse Poiblí ar bith [mar a shainmhínítear sna hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe leis an Phobal 2009-2011 agus in Acht na bPinsean Seirbhíse Poiblí (Scéim Shingil agus Forálacha Eile)] ar feadh tréimhse dhá bhliain ón dáta a fhágann siad faoin Scéim seo. Beidh na coinníollacha seo i bhfeidhm sa chás go mbaintear feidhm as seirbhís ar bhun conartha (mar chonraitheoir nó mar fhostaí de chonraitheoir).

Dearbhú

Beidh sé de dhualgas ar iarratasóirí a dheimhniú cibé an bhfuil siad tar éis leas a bhaint as scéim dreasaachtaí luathscoir de chuid na seirbhíse poiblí roimhe sin. Beidh ar iarratasóirí freisin aon teidlíocht atá acu ar shochar pinsin Státseirbhíse (mar íocaíocht nó caomhnaithe) ó aon fhostaíocht eile de chuid na Seirbhíse Poiblí a dhearbhu agus/nó cibé an bhfuair siad íocaíocht in ionad maidir le seirbhís i bhfostaíocht sa tSeirbhís Phoiblí.

Fostóir a thugann Rogha:

Mar Fhostóir a thugann Rogha, tá go leor beartas solúbtha agus oiriúnach do theaghlaigh bunaithe ag an Státseirbhís lena n-áirítear deiseanna cianoibre. Tabhair faoi deara, b'fhéidir go mbeadh deiseanna oibre solúbtha á lorg ag iarrthóirí a n-éiríonn leo, ach, is faoi lánrogha an fhostóra é seo agus déantar cinneadh bunaithe ar riachtanais ghnó na heagraíochta.

Tá Scéim Soghluaisteachta á hoibriú ag an Státseirbhís freisin le haghaidh na ngrád seirbhíse ginearálta go léir. Soláthraíonn an scéim seo deiseanna gairme don fhoireann taithí a fháil ar, agus páirt a ghlacadh i róil éagsúla ar fud réimse eagraíochtaí agus suíomhanna geografacha de chuid na Státseirbhíse.

Conas Iarratas a Dhéanamh

Ba cheart iarratais a chur isteach ar líne agus caithfear a áireamh leo:

- Litir chumhdaigh ina míníonn tú cén fáth ar chóir d'iarratas a chur san áireamh don phost seo agus cén chaoi a gcomhlíonann do chuid scileanna agus taithí na riachtanais don phost
- Ní ghlacfar isteach san fheachtas ach amháin le hiarratais a chuirtear isteach go hiomlán ar líne

Chun iarratas a dhéanamh ar an ról seo, ní mór d'iarrthóirí an fhoirm iarratais iomchuí a chomhlánú, a shíniú agus a sheoladh chuig MARA@osborne.ie

Dáta Deiridh:

An dáta deiridh a nglacfar le hiarratais: Tabhair faoi deara nach nglacfar le hiarratais tráth nach déanaí ná 1.00 i.n. Dé Luain, an 9ú Márta 2026. Ní ghlacfar le hiarratais tríd an bpost, le hiarratais atá neamhiomlán ná le CVanna. Ní dhéanfar breithniú ar iarratas ar bith a fhaightear i ndiaidh an dáta agus an ama deiridh.

Ní ghlacfar le hiarratais i ndiaidh an dáta agus an ama deiridh. Ní dhéanfar breithniú ar iarratais dhéanacha. Mar sin, is ar iarrthóirí atá an fhreagracht a chinntiú go bhfuil dóthain ama ann iarratais a sheoladh isteach. Ní mór d'iarratasóirí a chinntiú go gcoimeádann siad cóip den ríomhphost a cuireadh chuig MARA@osborne.ie lena n-áirítear an dáta agus an t-am, ar eagla go mbeidh ceist faoi.

Eiseofar ríomhphost admhála i leith gach iarratas a gheofar (ní admhófar sa ríomhphost seo ach amháin go bhfuarthas an t-iarratas; ní dheimhneofar incháilitheacht nó eile). Mura bhfaigheann iarratasóir ríomhphost admhála laistigh de 2 lá oibre ón dáta a cuireadh isteach an t-iarratas, ba cheart don iarratasóir teagmháil a dhéanamh le MARA@osborne.ie lena chinntiú go bhfuarthas an t-iarratas.

Próiseas Roghnúcháin

Féadfaidh na nithe seo a leanas a bheith san áireamh sa phróiseas roghnúcháin:

- Gearrliostú na n-iarrthóirí
- Agallamh iomaíoch bunaithe ar an gcreat cumais
- Cur i láthair a dhéanamh don phainéal roghnúcháin
- Tástáil nó measúnú ar bith eile de réir mar is cuí, lena n-áirítear measúnú síciméadrach.
- Gach seiceáil ábhartha thíosluaite a chur i gcrích.

D'fhéadfadh go mbeadh an dara hagallamh nó an t-agallamh deiridh ag teastáil, cuirfear iarrthóirí ar an eolas tar éis don chéad bhabhta d'agallaimh a bheith críochnaithe. Féadfar céimeanna roghnúcháin breise a chur i bhfeidhm chomh maith.

Bunófar bord roghnúcháin agus úsáidfídh sé na bunriachtanais agus na riachtanais inmhianaithe dá dtagraítear níos luaithe sa leabhrán eolais seo d'iarrthóirí chun iarrthóirí a ghearrliostú. Beidh an scóráil ag céim an ghearrliostaithe bunaithe ar an bhfaisnéis a thugtar san fhoirm iarratais. Mar sin, tá sé chun leasa an iarrthóra cuntas mionsonraithe cruinn a sholáthar ar an gcaoi a gcomhlíonann a scileanna, cáilíochtaí pearsanta, cáilíochtaí agus taithí riachtanais an phoist. Cé go bhféadfadh iarrthóirí critéir incháilitheachta an chomórtais a chomhlíonadh, má tá líon na n-iarratas ar an bpost chomh mór sin nach mbeadh sé praiticiúil gach iarrthóir a chur ar aghaidh chuig an gcéad chéim eile den roghnúchán, is é sin an próiseas agallaimh, féadfaidh ÚRLM cinneadh a dhéanamh nach ndéanfar ach líon áirithe iarrthóirí a chur ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile. Cuirfear iarrthóirí ar aghaidh trí na céimeanna éagsúla den phróiseas roghnúcháin bunaithe ar a n-ord fiúntais ag gach céim.

Eiseofar an t-eolas ábhartha go léir d'iarrthóirí ag gach céim den phróiseas roghnúcháin.

Mura gcuirtear ÚRLM ar an eolas roimh do mheasúnuithe/agallamh, nó ar an lá a bhíonn na measúnuithe/agallamh ar siúl, faoi fhadhbanna/saincheisteanna atá i gceist, ní bheimid in ann dul i ngleic leis na fadhbanna/saincheisteanna sin i ndiaidh an ghnímh.

Agallamh:

Táthar ag súil go reáchtálfar na hagallaimh go pearsanta i Márta 2026 i gCo. Loch Garman. Cuirfear dátaí agus socruithe agallaimh in iúl d'iarrthóirí a luaithe agus is féidir. Is ar iarrthóirí a bheidh an dualgas iad féin a chur ar fáil le haghaidh agallaimh, de réir mar a mholtar.

Cothroime:

Is fostóir comhdheiseanna é an tÚdarás Rialála Limistéir Mhuirí (ÚRLM). Cuireann ÚRLM fáilte roimh iarratais ó gach iarrthóir atá cáilithe go cuí beag beann ar inscne, stádas pósta, stádas teaghlaigh, creideamh, cine, aois, gnéaschlaonadh, míchumas nó ballraíocht den Lucht Siúil.

Freastal Réasúnta

Ba cheart d'iarrthóir ar bith a dteastaíonn freastal ar bith uathu san agallamh nó do ghnéithe eile den phróiseas roghnúcháin é sin a chur in iúl dúinn ag MARA@osborne.ie ionas gur féidir socruithe cuí a dhéanamh. Coinneofar faoi rún an t-eolas ar fad a nochtar.

Imréiteach Slándála:

Féadfaidh go mbeidh ort foirm ghrinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána a chomhlánú ar líne agus a chur isteach má tharlaíonn sé go mbeidh tú faoi bhreithniú le haghaidh ceapacháin. Cuirfear an fhoirm seo ar aghaidh chuig an nGarda Síochána, a dhéanfaidh seiceálacha slándála ar na seoltaí uile in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann inar chónaigh tú.

Más rud é go raibh tú i do chónaí/ag staidéar i dtíortha lasmuigh de Phoblacht na hÉireann ar feadh tréimhse 12 mhí nó níos mó as a chéile tar éis 18 mbliana d'aois, tá sé éigeantach duit Deimhniú Imréitigh Póilíní a chur ar fáil ó na tíortha sin. Beidh ort Deimhniú ar Imréiteach Póilíní ar leith a fháil i ndáil le gach tír ina raibh cónaí ort. Ní mór dáta an imréitigh a bheith tar éis an dáta a d'fhág tú an tír. Is ortsá atá an fhreagracht imréitigh slándála a lorg go tráthúil toisc go mbíonn moill i gceist uaireanta. Ní féidir tú a cheapadh gan an fhaisnéis seo a chur ar fáil agus ÚRLM a bheith sásta léi.

Ba cheart go mbeadh a fhios ag iarrthóirí gur féidir faisnéis ar bith a fhaightear i bpróiseas Grinnfhiosrúcháin an Gharda a chur ar fáil don údarás fostaíochta.

Beidh iarrthóirí freagrach as aon chostas a bhaineann leis an Teastas Imréitigh Póilíní a fháil.

Painéal:

Tar éis chéim an agallaimh, féadfaidh ÚRLM painéal iarrthóirí atá liostaithe in ord fiúntais a chur ar fáil. Féadfar an painéal seo a úsáid chun poist shealadacha amach anseo a líonadh chomh maith. Seans nach gcuirfear gach duine a chuirtear faoi agallamh ar an bpainéal. Bunófar painéal ónar féidir ceapacháin a dhéanamh agus rachaidh an painéal seo in éag 18 mhí ó dháta an agallaimh nó nuair nach mbeidh aon duine fágtha air, cibé acu is luaithe. Cuirfear toradh an chomórtais in iúl d'iarrthóirí chomh luath agus is féidir tar éis an phróisis agallaimh. Ní bheidh aon éileamh ag iarrthóir ar bith ar an bpainéal nach dtairgtear ceapachán dó/di le linn thréimhse an phainéil díreach toisc go raibh sé/sí ar an bpainéal.

Seiceálacha Ábhartha:

Sula ndéanfar iarrthóir ar bith a mholadh lena cheapadh don phost seo, déanfaidh an fhoireann AD gach fiosrúchán ábhartha. Go dtí go gcuirfear gach céim den phróiseas earcaíochta i gcrích go hiomlán, ní féidir

cinneadh deireanach a dhéanamh ná ní féidir é a mheas ná a thabhairt le tuiscint go bhfuil cinneadh mar sin déanta.

Má dhiúltaíonn an duine a mholtar le haghaidh ceapacháin, nó má thugann sé suas é tar éis dó glacadh leis, d'fhéadfadh ÚRLM, dá lánrogha, duine éigin eile a roghnú agus a mholadh don cheapachán maidir leis na torthaí ón bpróiseas roghnúcháin.

Níl aon oibleagáid ar ÚRLM iarrthóir ar bith a cheapadh mar thoradh ar an gcomórtas seo.

Tabhair faoi deara go mbeidh aon tairiscint fostaíochta a dhéantar d'iarrthóir faoi réir fíorú/imscrúdú sásúil ar na nithe seo a leanas:

- Teistiméireachtaí,
- Cáilíochtaí,
- Grinnfhiosrúchán – más infheidhme

Ag an gcéim fíoraithe teistiméireachta, beidh d'fhostóir reatha agus an chéad fhostóir eile ba dhéanaí agat i measc na moltóirí a rachfar i dteagmháil leo.

Príomhchoinníollacha Seirbhíse

Ginearálta

Is ceapachán i bpost buan sa Státseirbhís atá i gceist, agus tá sé faoi réir Achtanna Rialaithe na Státseirbhíse 1956 go dtí 2005, an Achta um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2004, agus aon Achta eile atá i bhfeidhm faoi láthair a bhaineann leis an Státseirbhís.

Tuarastal

Is é seo a leanas scála tuarastail an Phríomhoifigigh Chúnta (rátaí le héifeacht ón 1 Feabhra 2026):

(Scála RPP) €82,290 – €85,320 – €88,393 – €91,475 – €94,553 – €96,329 – €99,433 (LSI1) – €102,550 (LSI2)***

D'fhéadfadh incrimintí fadseirbhíse a bheith iníoctha tar éis 3 bliana (LSI1) agus 6 bliain (LSI2) de sheirbhís shásúil ag barr an scála. ** Scála pá ó 1 Feabhra 2026.

Beidh feidhm ag an ráta seo sa chás go bhfuil sé de cheangal ar an gceapaí Ranníocaíocht Phearsanta Pinsin (ar a dtugtar, leis, ranníocaí príomhscéime) a dhéanamh i gcomhréir le rialacha a bpríomhscéime/scéime pearsanta aoisliúntais. Tá sé seo difriúil le ranníocaíocht maidir le ballraíocht i scéim Céilí agus Leanaí, nó na Ranníocaíochtaí Aoisliúntais Breise (ASC).

Beidh ráta difriúil i bhfeidhm nuair nach bhfuil sé de cheangal ar an gceapaí Ranníocaíocht Phearsanta Pinsin a dhéanamh.

Nóta Tábhachtach

Tiocfaidh an té a cheapfar isteach ag bun an scála agus ní dhéanfar aon idirbheartaíocht ina leith sin. Féadfar ráta an luacha saothair a athrú ó am go ham de réir bheartas pá an Rialtais.

D'fhéadfadh go mbeadh téarmaí agus coinníollacha éagsúla i gceist más rud é gur Státseirbhíseach nó Fostaí sa tSeirbhís Phoiblí thú atá ag fónamh faoi láthair.

Má táthar sásta le feidhmíocht an fhostaí féadfaidh sé go mbeidh incrimintí i gceist de réir an Bheartais Rialtais reatha.

Socruithe Íocaíochta

Déanfar íocaíocht choicisiúil i riaráistí trí Ríomhaistriú Airgid (RAA) isteach i gcuntas bainc de rogha an oifigigh. Ní féidir íocaíocht a dhéanamh go dtí go mbeidh cód BIC agus uimhir IBAN agus cód sórtála bainc curtha ar fáil don Rannóg Pearsanra sa Roinn nó san Oifig iomchuí. Déanfaidh an Roinn/Oifig asbhaintí reachtúla de réir mar is cuí.

Aontóidh oifigeach go ndéanfaidh sé aon ró-íocaíocht tuarastail, liúntas nó speansas a dhéanfar a aisíoc de réir Chiorclán 07/2018: Aisghabháil Ró-Íocaíochtaí Tuarastail, Liúntas agus Speansas le Baill Foirne/Iar-Bhaill Foirne/Pinsinéirí.

Tionacht agus Promhadh

Tá an ceapachán le post buan ar chonradh promhaidh sa Státseirbhís.

Mairfidh an tréimhse phromhaidh bliain amháin ón dáta a bheidh sonraithe ar an gconradh. Le linn thréimhse do chonartha promhaidh, déanfaidh d'feitheoir(i) athbhreithniú ar d'fheidhmíocht chun na rudaí seo a leanas a chinneadh:

- (i) Gur fheidhmigh tú go sásúil,
- (ii) Gur léirigh tú iompraíocht shásúil, agus
- (iii) Oiriúnach don phost ó thaobh na sláinte de, agus aird áirithe ar shaoire bhreiteachta.

Roimh dheireadh an chonartha promhaidh, déanfar cinneadh maidir le tú a choinneáil nó gan tú a choinneáil de bhun Alt 5A(2) d'Achtanna Rialaithe na Státseirbhíse 1956–2005. Beidh an cinneadh sin bunaithe ar d'fheidhmíocht arna meas de réir na gcritéar atá leagtha amach ag (i) go dtí (iii) thuas. Cuirfidh an tÚdarás Rialála Limistéir Mhuirí (ÚRLM) sonraí an phróisis promhaidh ar do shúile duit, agus gheobhaidh tú cóip de threoirilínte na Roinne Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe maidir le promhadh.

D'ainneoin na bparagraf roimhe seo sa mhír seo, d'fhéadfadh páirtí ar bith deireadh a chur leis an gconradh promhaidh am ar bith roimh dheireadh théarma an chonartha, i gcomhréir leis na hAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973 go dtí 2005.

Sna cúinsí seo a leanas, féadfar síneadh a chur le do chonradh agus do thréimhse phromhaidh a chur ar fionraí.

- Cuirtear an tréimhse phromhaidh ar fionraí nuair atá fostaí as láthair ar Shaoire Mháithreachas nó ar Shaoire Uchtaíoch.
- Maidir le fostaí as láthair ar Shaoire Thuismitheoirí nó ar Shaoire Chúramóra, féadfaidh an fhostóir éileamh a dhéanamh ar phromhadh a chur ar fionraí mura meastar an neamhláithreacht a bheith ag teacht le leanúint den phromhadh
- Foráil reachtúil ar bith eile ar choinníoll -
 - (i) go gcuirfear an tréimhse phromhaidh ar fionraí i rith asláithreacht an fhostaí ón obair, agus
 - (ii) go gcuirfidh an fostaí an tréimhse phromhaidh i gcrích nuair a fhillfidh sé ar an obair i ndiaidh asláithreachta den chineál sin.

Sa chás go gcuirtear promhadh ar fionraí ba chóir don fhostóir na cúinsí a bhaineann leis an bhfionraí a chur in iúl don fhostaí.

Déanfaidh gach ceapaí tréimhse phromhaidh a mhairfidh aon bhliain amháin. Más státseirbhíseach ar fónamh é an té a cheapfar nach gcomhlíonann na coinníollacha promhaidh díreach sular ceapadh as an

gcomórtas seo é, is iondúil go dtagann ceist na frithdhílse chun cinn. I gcás a bhfillte, fillfidh oifigeach ar fholúntas sa ghrád a bhíodh aige roimhe sin ina iar-Roinn.

Láthair

Is é ÚRLM, Teach Menapia, Páirc Ghnó Dhraighní, Co. Loch Garman, Y35 RF29 an gnáth-ionad oibre don ról seo agus aon ról a eascróidh as aon phainéal a bhunófar faoin gcomórtas seo. Faoi réir riachtanais ghnó, féadfaidh ÚRLM baill d'aon phainéal a bhunaítear faoin gcomórtas seo a thairiscint atá lonnaithe in áiteanna eile in Éirinn. Forchoimeádann ÚRLM an ceart, dá rogha féin, an suíomh seo a athrú go dtí áit ar bith eile in Éirinn.

Uaireanta Tinrimh

Ní bheidh na huaireanta freastail níos lú ná 41 uair an chloig 15 nóiméad chomhlán nó 35 uair an chloig glan in aghaidh na seachtaine. Beidh ar an iarrthóir a n-éireoidh leis/léi na huaireanta breise a oibriú ó am go ham de réir mar a bheidh sé réasúnta agus riachtanach chun tabhairt mar is ceart faoina d(h)ualgais faoi réir na teorainneacha arna leagan síos sna rialacháin ama oibre.

Fostaíocht Sheachtrach: Post lánaimseartha a bheidh sa phost agus ní cheadófar don cheapaí cleachtadh go príobháideach ná aon nasc a bheith aige le haon ghnóthas seachtrach a rachadh salach ar a chuid dualgas oifigiúil, a chuirfeadh as dá fheidhmíocht ná a chuirfeadh a mhacántacht i mbaol.

Saoire Bhliantúil

Beidh 30 lá saoire bliantúil sa bhliain ag dul leis an bpost mar Cheannasaí Ceadúnúcháin. Beidh an liúntas sin faoi réir na ngnáthchoinníollacha a bhaineann le ceadú saoire bliantúla san earnáil phoiblí agus é bunaithe ar sheachtain chúig lá gan gnáthshaoire phoiblí a áireamh.

An tAcht um Eagrú Ama Oibre 1997 (arna leasú)

Beidh feidhm ag téarmaí an Achta um Eagrú Ama Oibre 1997, nuair is cuí, maidir leis an gceapachán seo.

Sláinte:

Beidh iarrthóirí i riocht sláinte a thabharfadh le fios gur dócha gur féidir leo seirbhís rialta agus éifeachtach a thabhairt.

Sochair Fostaithe

Is mór againn ár bhfostaithe agus déanfaimid infheistíocht ina sláinte, leas agus sábháilteacht ag an obair agus cuirfimid Clár Cúnaimh Fostaithe ar fáil. Tugaimid tacaíocht agus spreagadh don fhoireann a lánacmhainneacht a bhaint amach trí dheiseanna oideachais agus oiliúna san ionad oibre agus lasmuigh de. Cuirimid uaireanta solúbtha, obair dhúshlánach, thairbheach agus sochair ar fáil freisin lena n-áirítear:

- Ballraíocht de Scéim Aoisliúntais
- Scéim Saoire Bhreitheachta
- Obair Chumaisc
- Scéim na Bliana Oibre Níos Giorra
- Saoire Mháithreachais
- Saoire Thuismitheoireachta
- Saoire do Thuismitheoirí
- Sos Gairme
- Saoire Scrúdaithe agus Staidéir

Aoisliúntas agus Scor

Tairgfear na téarmaí agus coinníollacha aoisliúntais iomchuí don cheapaí faoi mar a bheidh i réim sa tSeirbhís Phoiblí tráth a dtairgfear an ceapachán dó/di. I gcoitinne, tabharfar tairiscint do cheapaí nár oibrigh roimhe sin sa tSeirbhís Phoiblí bunaithe ar bhallraíocht den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair (“an Scéim Aonair”). Is féidir sonraí iomlána na Scéime a fháil ag www.singlepensionscheme.gov.ie

I gcás go raibh an ceapaí fostaithe i bpost inphinsin (téarmaí Scéime neamh-Aonair) sna 26 seachtaine roimh a gceapachán nó go bhfuil sé ar shos gairme nó ar shaoire speisialta le pá / gan phá féadfaidh téarmaí difriúla a bheith i bhfeidhm. Bunófar teidlíocht pinsin ceapaithe mar sin i gcomhthéacs a stair fostaíochta sa tseirbhís phoiblí.

Is iad seo a leanas na príomhfhórlacha a bhaineann leis an Scéim Aonair:

- Aois Inphinsin: Is é 66 bliana an aois íosta ag a bhfuil pinsean iníoctha faoi láthair; is ionann sin agus an aois incháilithe don Phinsean Stáit Ranníocach.
- Aois Scoir: Ní mór do bhaill na scéime dul ar scor ag aois 70 bliain.
- Úsáidtear meántuarastal gairmréime chun leasa a ríomh (fabhraíonn pinsean agus cnapshuim gach bliain agus déantar iad a uasráitil gach bliain faoi threoir CPI).
- Tá méaduithe pinsin i ndiaidh scoir nasctha le CPI.

Laghdú ar Phinsean

- Má bhí an ceapaí fostaithe cheana sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí agus pinsin á fháil acu ón Státseirbhís nó ón tSeirbhís Phoiblí nó i gcás go dtagann pinsean ón Státseirbhís/ ón tSeirbhís Phoiblí le bheith iníoctha le linn athfhostú an duine sin, beidh an pinsean sin faoi réir laghdaithe i gcomhréir Alt 52 den Acht um Pinsin Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012.

Tabhair faoi deara: Agus duine ag cur isteach ar an bpost seo, tá sé á aithint go dtuigeann sé go mbeidh feidhm ag forálacha laghdaithe, de réir mar is cuí. Ní bheartaítear go dtacóidh an Roinn / Oifig fostaithe le hiarratas ar tharscaoileadh laghdaithe maidir le ceapacháin don phost seo.

- Má bhí ceapaí fostaithe roimhe seo sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí agus pinsean á fháil acu faoi shocruithe luathscoir deonacha (seachas Scéim Dhreasaithe Luathscoir (ISER) nó de Chiorclán 7/2010 VER/VRS den Roinn Sláinte nó an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht & Rialtais Áitiúil (Litir Chiorcláin LG (P) 06/2013)), a fhágann nach bhfuil duine incháilithe don chomórtas, mar a luaitear thuas), ní bheidh an ceapaí i dteideal an phinsin sin ó dháta an athcheapacháin. Is féidir socruithe speisialta a dhéanamh, áfach, ionas go gcuirfear san áireamh cibé iar-sheirbhís a thug an t-oifigeach chun críche aoisliúntais ar bith dá mbeadh an t-oifigeach i dteideal amach anseo.
